Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**6179/24**
**ADD 2**

**FIN 118**
**PE-L 3**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022<br>• *Ráiteas ón Danmhairg, bhFionlainn, ón Ísiltír, ón Ostair agus ón tSualainn* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san IARSCRÍBHINN an ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón Ísiltír, ón Ostair agus ón tSualainn.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón Ísiltír, ón Ostair agus ón tSualainn maidir le buiséad an Aontais do 2022 a urscaoileadh**

***Ráiteas ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón Ísiltír, ón Ostair agus ón tSualainn:***

- Leagaimid béim ar **ról uathúil neamhspleách Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (an Chúirt) maidir le hiniúchadh an Aontais a dhéanamh** trí ráiteas dearbhaithe a sholáthar don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le hiontaofacht na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart, mar a leagtar síos in Airteagal 287 CFAE.

- Leagaimid béim go sonrach ar a thábhachtaí atá tuarascáil bhliantúil iniúchóireachta na Cúirte, ról na Cúirte sa nós imeachta um urscaoileadh bliantúil, agus a tuairim agus a moltaí sa phróiseas sin mar a leagtar amach in Airteagal 319 CFAE maidir leis an urscaoileadh agus an buiséad bliantúil a chur chun feidhme.

- Leagaimid béim ar a ríthábhachtaí atá dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas an Aontais chun muinín an phobail sna hinstitiúidí Eorpacha a chaomhnú.

- **Is oth linn go mór gur cinneadh go raibh an ráta measta earráide le haghaidh caiteachais, a thuairiscigh an Chúirt, ábhartha agus forleatach**, agus ós rud é gurb é 4.2 % an ráta measta earráide, go bhfuil sé fós go mór os cionn 2 %, an tairseach ábharthachta, agus is méadú suntasach é sin freisin i gcomparáid le 2021. Tháinig as sin gur thug an Chúirt, don cheathrú bliain as a chéile, tuairim dhiúltach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na gcaiteachas don bhliain 2022. I bhfianaise an mhéid sin, agus ag breathnú chun cinn dúinn, is díol imní go háirithe cuid de na hathruithe ar an mBeartas Comhtháthaithe atá á mbeartú, agus go háirithe an méadú ar an ráta réamh-mhaoinithe agus cómhaoinithe go 100 %, rud a d’fhéadfadh úinéireacht i measc na mBallstát a laghdú.

- Iarraimid ar an g**Coimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit mórluach a chur leis na conclúidí ón gCúirt agus na moltaí a chur chun feidhme,** go háirithe maidir le híocaíochtaí aisíocaíocht-bhunaithe agus maidir le bainistiú agus rialú bhuiséad an Aontais.

- Féachaimid ar an meastóireacht ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais, agus na torthaí arna ngnóthú, mar chuid ríthábhachtach lárnach den iniúchadh bliantúil.

- Iarraimid ar an gCoimisiún **tuilleadh airde a dhíriú ar tháscairí ábhartha feidhmíochta atá bunaithe ar thorthaí,** a bhaineann le spriocanna agus costéifeachtúlacht agus ar féidir iad a nascadh go díreach le gníomhaíochtaí an Aontais. Chun muinín agus dlisteanacht a áirithiú tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí, ar bhealach éifeachtúil, **fíorluach do shaoránaigh an Aontais** ó bhuiséad an Aontais.

- Ag breathnú chun cinn dúinn, iarraimid ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

  o Ar an gcéad dul síos, tá rialacha infheidhme atá foirmlithe go soiléir agus rialuithe éifeachtacha ríthábhachtach. Ba cheart ardchaighdeáin faireacháin agus cuntasachta a choinneáil chun a áirithiú go gcaithfear cistí i gceart. **Ba cheart rialacha cistiúcháin agus nósanna imeachta cur chun feidhme atá casta *gan ghá* a shimpliú** i gcás inarb iomchuí.

  o Ar an dara dul síos, tá sé ríthábhachtach **aird agus tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do chur chun feidhme agus do rialú**, ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún araon.

  o Ar deireadh, tá **doiciméadú cuí** bunúsach don tseiceáil dlíthiúlachta *ex-post*.